

Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 8

Oifig an

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina tuairiscítear an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus costais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €1.596 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Cuimsítear an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Ina theannta sin, glacadh leis na pholasaithe chuntasaíochta seo a leanas.

Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúcháireachta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhráithe ó tháillí iniúcháireachta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nach raibh sonrasc lena n-aghaidh réitithe fós.

Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-iniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúcháireachta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Seo a leanas an céatadán a glacadh leis

- faofa le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach is ea coinneáil an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an timpeallacht rialaithe airgeadais.

An timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir.
- Tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag na leibhéil uile ar bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i mbun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun cinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Cuireann Coiste Iniúchóireachta comhairle orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha go léir.
- Tá córais curtha i mbun chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca san Oifig, agus
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Soláthar poiblí

Is ionann an caiteachas a bhí ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas fhoireann ar conradh, agus €2.4 milliún i 2018. Cinntíonn an Oifig go ndírítear mar is iomchuí ar an deachleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha go léir. Chomhlíon an Oifig na treoirínte go léir, cé is moite d'aon conradh amháin arbh fhiú €31,000 é, le haghaidh seirbhísí tacaíochta TF. Lean an Oifig leis an gconradh reatha agus roghanna á mbreithniú aici mar chuid d'athbhreithniú straitéiseach ar soláthar seirbhísí TF.

An iniúchóireacht inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhmeannas iniúchta inmheánaigh ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá faofa agam. Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus pearsanra atá oille go cuí á úsáid acu.

Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifige nochta dóibh i bhfeidhm ar an oibre agus tá a cuid pleannanna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleannanna seo na príomhrioscaí a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena aithnítear príomhrioscaí agus lena ndéantar iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, a oiread is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá an próiseas bainistíochta riosca á mhaoirsiú ag Coiste Bainistíocht Riosca (CBR) ar a bhfuil na triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina ndéantar taifeadadh de na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Déanann an CBR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Déantar na rioscaí sin a ghrádú de réir chomh suntasacht is atá siad tar éis na rialaithe maolaithe a bheith curtha san áireamh agus na gníomhartha cóireála riosca a bheith forbartha le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ag leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí na gníomhaíochtaí riosca tuairiscithe don Choiste Iniúchóireachta.

Monatóireacht and athbhreithniú leanúnach

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mbainisteoireacht ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara a thuairisciú.

Mór-rioscaí airgeadais

Gearrtar táillí iniúchóireachta as iniúchtaí airgeadais áirithe, mar a fhoráiltear dóibh in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le hiniúchtaí ábhartha. Áirítear leis na bearta seo

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a dhéanann taifead ar chostais iniúchóireachta, ar dhul chun cinn na hiniúchóireachta agus ar fhaisnéis billeála
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais lena n-áirítear costais iniúchóireachta agus an aisghabháil táillí.

Seirbhísí comhroinnte

Tá na dualgais atá orm i leith riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus próiseála párolla comhlíonta agam. Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Athbhreithniú ar an éifeachtacht rialaithe

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach san Oifig freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Colette Drinan

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Márta 2019

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Rinne an tUas Bernard Barron ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla, iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste thar mo cheann de réir alt 13 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018.

Is í mo thuairimse, bunaithe ar an iniúchadh agus ar an tuairisc atá déanta aige, ná

- go gcuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus Mac Cárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2019

Tuairim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

Tuarascáil ar iniúchadh an Chuntais Leithreasa

Tuairim

Mar an t-iniúcháir ainmnithe faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, rinneamar iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018.

Is é ár dtuairim ná go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 i láthair go cuí i gcuntas leithreasa an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina thaobh, de bhun alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Bonn na Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh ar chuntas leithreasa Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire) (ISAnna Éireann), an dlí is infheidhme, agus alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid sin de mo thuairisc faoi fhreagrachtaí an iniúchára as iniúchadh na gcuntas leithreasa. Táimid neamhspleách ón eintiteas de réir na ndualgas eiticíúla a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, ar a n-áirítear an caighdeán eiticíúil atá eisithe ag Údarás na hÉireann um Maoirseacht Iniúcháireachta agus Chuntasaíochta (IAASA), agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta againn de réir na ndualgas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a sholáthar dár dtuairim.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Is é mo thuairim ná go raibh taifid chuntasaíochta chuí ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá athbhreithniú déanta againn ar inneachar an ráitis ar an rialú airgeadais inmheánach. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta

Faoi alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as ullmhúchán an chuntais leithreasa. Bíonn sí freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbhirt sa chuntas leithreasa.

Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúcháireacht an Chuntais Leithreasa

Is orainne atá an fhreagracht iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa de réir na gceanglas ábhartha dlí agus rialála, agus de réir na ISAnna chomh maith. Is éard is aidhm linn ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuairisc iniúchóra a eisiúint ina leagtar amach mo thuairim. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna mí-ráiteas ábhartha i gcónaí. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn an chuntais leithreasa seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa chuntas leithreasa, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtairfeadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasáíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh. Tá cur síos breise ar mo freagrachtaí maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais ar láithreán gréasáin an IAASA ag http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Is cuid do thuarascáil ár n-iniúchóra é an cur síos seo.

Cuspóir lenár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé dóibh atáim freagrach

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuairisc seo, de réir alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i ndeimhniú ár dtuairime agus ní chun críocha ar bith eile. A oiread is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid le freagracht as an obair iniúcháireachta, i ndáil leis an tuairisc seo, ná as na tuairimí atá déanta againn, ná ní ghabhaim a leithéid de fhreagracht orainn, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Bernard Barron

Do, agus thar ceann

Mazars

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla
Baile Átha Cliath 2

31 Bealtaine 2019

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Cuntas Leithreasa 2018

	2018		2017
	Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas chláir			
A Iniúchadh agus tuairisciú	13,977	13,059	11,923
Ollchaiteachas	13,977	13,059	11,923
<i>Asbhain</i>			
B Leithreasuithe-i-gcabhair	6,050	6,728	5,986
Glanchaiteachas	7,927	6,331	5,937

Farasbarr

Tá farasbarr an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlí le géilleadh don Státchiste.

	2018	2017
	€	€
Farasbarr le géilleadh	1,596,252	978,145

Colette Drinan

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Márta 2019

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

	2018	2017
	€000	€000
Pá	10,133	9,898
Neamhphá	2,926	2,025
Ollchaitheachas	13,059	11,923
<i>Asbhain</i>		
Leithreasuithe-i-gcabhair (Nóta 4)	6,728	5,986
Glanchaitheachas	6,331	5,937
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin	(195)	
Dímheas	381	
	186	312
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhráithe deiridh	5	
Laghdú ar stoc	2	
	7	(425)
Caiteachas díreach	6,524	5,824
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaitheachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1)	3,117	3,060
Measchíosanna	22	21
Costas chláir ghlan	9,663	8,905

1.1 Glanachaitheachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaitheachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 8 a tabhaíodh in áiteanna eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,564	1,585
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	995	924
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte	16	19
Cuntas Phríomhchiste an Stáitchiste	512	502
	3,117	3,060

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	1,381	1,567
Sócmhainní reatha			
Stoic		1	3
Speansais réamhíochta		122	113
Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála	2.4	2,509	2,591
larmhéideanna dochair eile	2.5	142	117
Maoiniú glan ón Stáitchiste atá dlite	2.7	640	(328)
lomlán na sócmhainní reatha		<u>3,414</u>	<u>2,496</u>
Lúide dlíteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	411	(462)
Costais fhabhráithe		57	125
larmhéideanna sochair eile	2.6	371	251
lomlán na ndlíteanas reatha		<u>839</u>	<u>(86)</u>
Glansócmhainní reatha		<u>2,575</u>	<u>2,582</u>
Glansócmhainní		<u>3,956</u>	<u>4,149</u>
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	<u>3,956</u>	<u>4,149</u>

2.1 Cuntas maoiniú Stáit

	Nóta	2018 €000	2017 €000
larmhéid ag 1 Eanáir		4,149	4,036
Eisíocaíochtaí don Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	7,927	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,596)	
Glanvóta		6,331	5,937
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	3,117	3,060
Caiteachas neamhairgid tirim – measchíosanna	1	22	21
Costas chlár ghlan	1	(9,663)	(8,905)
larmhéid ag 31 Nollaig		<u>3,956</u>	<u>4,149</u>

2.2 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Daingneáin, troscáin agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Oillsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018	1,333	1,930	3,263
Breiseanna	193	2	195
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018	1,526	1,932	3,458
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018	1,113	583	1,696
Dímheas don bhliain	188 ^a	193	381
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018	1,301	776	2,077
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018	225	1,156	1,381
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	220	1,347	1,567

Nóta ^a Cuimsítear leis an fhigiúr seo dímheas breise a ghearraadh i leith sócmhainní nach n-úsáideann an Oifig a thuilleadh ach atá á gcoinneáil mar theagmhasacht

2.3 Banc agus airgead tirim

	2018	2017
	€000	€000
ag 31 Nollaig		
Iarmhéid ag an bPámháistir Ghinearálta	(532)	280
Iarmhéid cuntais bhainc thráchtála	121	182
	(411)	462

2.4 Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála

	2018	2017
	€000	€000
ag 31 Nollaig		
Féichiúnaithe maidir le táillí iniúchóireachta	229	521
Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchóireachta	1,891	1,673
Obair idir lámha	389	397
	2,509	2,591

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Caiteachais taistil in-fhorchúitithe agus scéim pas taistil	127	97
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	10	20
Fionraí tuarastail	5	—
	142	117

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	116	105
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	86	75
Muirear Sóisialach Uilíoch	25	24
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	74	20
Cáin Bhreislucha	64	26
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	1
	366	251
Asbhaintí phárolla coinnithe ar fionraí	5	—
	371	251

2.7 Maoiniú glan ón Stáitchiste atá dlite

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,596	978
Deontas ón Stáitchiste nár tarraingíodh	(2,236)	(650)
Maoiniú glan ón Stáitchiste atá dlite	(640)	328
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	462
Iarmhéideanna dochair: fionraí	142	117
	142	579
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(411)	—
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(371)	(251)
	(782)	(251)
	(640)	328

2.8 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	92	28

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Rangaítear leithdháileadh uile Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar caiteachas riaracháin a tuairiscithe mar aon chlár amháin: iniúcháireacht agus tuairisciú.

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

	2018		2017
	Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
i Tuarastail, pá agus liúntais	11,116	10,133	9,898
ii Taisteal agus cothabháil	546	626	549
iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	340	453	343
iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	58	63
v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	443	529	391
vi Costais áitribh oifige	217	159	202
vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	350	7	59
viii Táillí dlí	45	135	46
ix Seirbhísí iniúchta conarthaí	820	959	372
	13,977	13,059	11,923

Nóta Tá costais de €2,687 a bhain leis an gcoiste iniúcháireachta (2017: €2,687) san áireamh san toradh.

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i leith an chláir seo €918,000 níos ísle ná sin mar a bhí soláthraithe. Tá míniú tugtha ar na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ón méid soláthraithe) thíos.

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar mheastacháin: €11.116 milliún; toradh: €10.133 milliún

Tháinig tearc-chaitheamh €983,000 aníos de bharr go raibh easnamh i líon na mball foirne ar seirbhís. Is ionann meánlíon na mball foirne don bhliain agus 165, i gcomparáid le líon foirne de 174.

iii Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha

Soláthar mheastacháin: €340,000; toradh: €453,000

Baineann an róchaiteachas de €113,000 go príomhúil le costais a bhaineann le hAcmhainní Daonna.

vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar mheastacháin: €350,000; toradh: €7,000

Tá soláthar san áireamh sa mheastachán chun cabhair sheachtrach a fhosú ag an Oifig le haghaidh scrúduithe ar an luach ar airgead, más gá. Tá sé deacair a thuar cén cúnamh seachtrach a bheadh ag teastáil in aghaidh aon bhliain ar bith. Bhí costas de €7,000 maidir leis an cabhrach seo agus sábháladh €343,000 dá thoradh.

ix Seirbhísí iniúchta conarthaí

Soláthar mheastacháin: €820,000; toradh: €959,000

Tabhaíodh caiteachas breise de €139,000 ar an bhfotheideal seo chun deimhniú tráthúil na gcuntas a éascú. Maoiníodh é seo ón méid a sábháladh ar an bhfocheannteideal (i) Tuarastail, pá agus liúntais. Ceadáíodh an víreiment ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

	2018		2017
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Táillí iniúcháireachta, srl.	5,400	6,301	5,592
2 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí	650	427	394
	6,050	6,728	5,986

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí ioncam ó leithreasuithe-i-gcabhair €678,000 níos airde ná an sprioc bhuiséadaithe. Is glantoradh ón méid seo a leanas é an t-athrú

1 Táillí iniúcháireachta, srl.

Soláthar mheastacháin: €5.4 milliún; toradh: €6.301 milliún

Tharla na fáltais bhreise de tháillí iniúchta de €901,000 mar thoradh ar iniúchtaí a bheith tugtha chun críche níos luaithe ná mar a bhí beartaithe.

2 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí

Soláthar mheastacháin: €650,000; toradh: €427,000

Bhí fáltais ó asbhaintí bainteach le pinsin €223,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe mar gheall ar an easnaimh i líon na mbuanbhall foirne.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana	167	144

5.2 Pá

	2018	2017
	€000	€000
Tuarastail	9,307	9,155
Liúntais le haghaidh dualgais arda, speisialta nó bhreise	21	28
Ragobair	3	1
ÁSPC an Fhostóra	802	714
Pá iomlán	10,133	9,898

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2018	2017
			€	€
Dualgais arda, speisialta nó bhreise	4	1	10,951	10,377
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1	—	2,904	1,104

Ní bhfuair aon bhall foirne ar bith íocaíochtaí breise i ndáil le níos mó ná aon chatagóir amháin.

5.4 Luach saothair na bainistíochta sinsearaí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste as Príomhchiste an Státchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is ionann an muirear ar an Príomhchiste i 2018 maidir le tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus €185,992 (2017: €179,130). Mar a fhoráiltear in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig nó post le luach saothair eile a shealbhú.

Oifigeach Cuntasaíochta

Is ionann an muirear ar an Vóta i 2018 maidir le luach tuarastail an Oifigigh Cuntasaíochta agus €144,032 (2017: €139,563).

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhís párolla agus acmhainní daonna ar fáil. Is féidir le ró-íocaíochtaí a tharlú ar roinnt cúiseanna éagsúla, mar shampla, nuair a ghlacann ball foirne saoire gan phá faoi ghearrfhógra nó nuair a leanar le híocaíochtaí nuair a sháraítear teorainneacha saoire breoiteachta. Bhí ró-íocaíochtaí de €13,564 ann a bhain le 18 gcás (2017: €20,101) gan íoc ag deireadh na bliana. Tá pleananna aisghabhála ar bun i gcúig chás. Táthar ag iarraidh na méideanna eile a aisghabháil.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Líon cásanna	Costais dlí íoctha ag an Oifig	Cúiteamh a dhámhadh	Costais dlí a dhámhadh	Iomlán	
				2018	2017
	€000	€000	€000	€000	€000
1	10	—	—	10	—

Nóta Níor dámhadh aon chúiteamh dlí ná aon chostais dlí in aghaidh na hOifige i 2018.